# Treodóireacht Faoin Aer

## Acmhainn do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí chun tacú le Cláir Samhraidh na hIar-Bhunscoile agus na Bunscoile

**Cuspóirí foghlama:**

Cothaíonn an ghníomhaíocht seo scileanna 'Foghlaim chun Foghlaim' ag forbairt scileanna éifeachtacha ar leith maidir le tascanna agus eagrúchán chomh maith le forbairt scileanna na 'Cumarsáide'. I measc na bpríomhscileanna tá:

- Tíreolaíocht - forbairt scileanna léitheoireacht na léarscáileanna, an cumas mapa simplí de thailte na scoile/den bhaile/den ghairdín a chruthú
- Teanga ó bhéal – forbairt teanga an tsuímh
- CO- Is gníomhaíocht de chuid snáithe na taiscéalaíochta faoin aer é an treodóireacht

**Réamhrá**

Is féidir leis an ngníomhaíocht seo a bheith chomh simplí nó chomh casta agus is gá agus, mar sin, is cóir á cruthú chun freastal ar chumais agus spéiseanna na ndaltaí uile. Bain úsáid as aon achar beag nó mór atá le fail cibé clós na scoile, gairdín nó áis áitiúil atá ann..

**Plé ginireálta:**

- Cad is léarscáil ann? Cén fáth a mbainimid úsáid as léarscáileanna? Cá bhfuil léarscáileanna le feiscint?
- • Féach ar léarscáileanna éagsúla lena n-áirítear léarscáileanna nua-aimseartha m.sh. léarscáileanna ar líne Google agus sean-léarscáileanna ó ionaid turasóireachta m.sh. léarscáil bhóthair
- • Mínigh bunús na treodóireachta do na daltaí agus mínigh na pointí gníomhaíochta agus sábháilteachta a mbaineann léi dóibh.
  *B'fhéidir gur seift maith í siúlóid a dhéanamh timpeall an cheantair chun ligean do na daltaí grianghraif a thógáil chun a gcuid léarscáileanna a chur le chéile, chun pointí sábháilteachta a phlé mar chriosanna neamh-iontrála agus chun na réimsí is féidir leo a úsáid don ghníomhaíocht a léiriú.
- Pléigh roghanna éagsúla maidir leis na rialuithe m.sh. córas uimhreacha/ litreacha ina bhfuil uimhreacha ar leith meaitseáilte le cóin ar leith; nó d'fhéadfadh go mbeadh pollairí treodóireachta ag roinnt scoileanna.

**Forbairt**

- **Bailigh na hábhair -** Bileog mór cárta nó páipéir chun an léarscáil a líniú, ábhair líníochta, cóin agus píosaí cárta le haghaidh rialuithe, bileog freagraí i leith na rialuithe, peann agus páipéar do gach grúpa/dalta agus fáisc-chlár má tá ceann ar fáil.
- **Línigh an léarscáil -** Tabhair an dóthain ama don dalta/ghrúpa chun an léarscáil a tharraingt.
  *Is féidir léarscáil réamh-línithe a chur ar fáil nó ligean don dalta grianghraif a úsáid a tógadh nuair a bheidh an cón leagtha ina shuíomh acu nó líníocht a tharraingt agus úsáid á baint as cruthanna de chuid Microsoft Word.
- **Leag na rialuithe ina suímh -** Lig do na daltaí na rialuithe a leagan ina suímh agus a mharcáil cá bhfuil siad ar an léarscáil
  *Má tá níos mó ná grúpa amháin agat, b'fhéidir gur seift maith í tacar cón den dath céanna a thabhairt do gach ball den ghrúpa ionas go mbeidh a fhios ag gach grúpa ansin cén dath atá á lorg acu. Nó is féidir le grúpa amháin an ghníomhaíocht a dhearadh agus is féidir leis na grúpaí eile an cúrsa a rith.
- **Críochnaigh an cúrsa treodóireachta -** Lig an dóthain ama do na daltaí an cúrsa a chríochnú
  *Má tá imní ort faoin sábháilteacht, d'fhéadfá a iarraidh ar gach grúpa filleadh ort gach uair a aimsíonn siad an rialú a tugadh dóibh agus is féidir leat á seoladh ansin chuig an gcéad cheann eile. Ligeann sé seo duit monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid gluaiseachtaí go héasca.

**Críoch**

Scrúdaigh na freagraí a fhaigheann tú ó gach grúpa agus faigh amach ar chríochnaigh siad an cúrsa i gceart.


# *Acmhainní*

**Suíomhanna Gréasáin fónta**

- Suíomh ghréasáin Cumann Treodóireachta na hÉireann [www.orienteering.ie](www.orienteering.ie)
- Is treoir iomlán é an pdf seo maidir le tosú ar an treodóireacht do scoileanna - tá go leor réamh-ghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí clós-bhunaithe simplí na treodóireachta ann do dhaltaí óige (naíonáin shóisearacha - rang a dó) a bhféadfadh spéis a bheith ag múinteoirí agus tuismitheoirí iontu. Cuirtear na hacmhainní seo go léir ar fáil ar:

  [https://www.britishorienteering.org.uk/images/uploaded/downloads/schools_tri_o_resources.pdf](https://www.britishorienteering.org.uk/images/uploaded/downloads/schools_tri_o_resources.pdf)

**Samplaí de léarscáil agus de bhileog rialuithe**



| Grúpa | Áit Tosaigh | Ord na gCón | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A | 3 | 7 | 1 | 4 | 2 | 9 | 5 | 10 | 6 | 8 |
| B | 6 | 3 | 5 | 9 | 1 | 10 | 8 | 2 | 4 | 7 |
| C | 8 | 9 | 2 | 5 | 7 | 3 | 10 | 6 | 1 | 4 |
| D | 2 | 10 | 8 | 3 | 5 | 7 | 1 | 4 | 9 | 6 |
| E | 5 | 1 | 10 | 8 | 4 | 6 | 7 | 9 | 2 | 3 |

Eochar Freagra

| Uimhir an Chóin | Litir |
|---|---|
| **1** | **H** |
| **2** | **Z** |
| **3** | **Q** |
| **4** | **A** |
| **5** | **F** |
| **6** | **T** |
| **7** | **C** |
| **8** | **G** |
| **9** | **E** |
| **10** | **L** |